Whelton, M., 'Léirmheas ar *The light of the universe: poems of friendship and consolation by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Ailbhe Ó Corráin).' *Studia Hibernica* 41, 2015, 213-2152.
Foilsithe. Achoimre an Údair. © Cóipcheart an Léirmheasa: *Studia Hibernica*.

# Achoimre / Abstract

## Léirmheas ar *The light of the universe: poems of friendship and consolation by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Ailbhe Ó Corráin)

Novus Press. Oslo, 2014. Pp 64.
ISBN 978-82-7099-776-3.

Léirmheas le Marie Whelton,
Institiúid Oideachais Marino

Sa léirmheas seo féachtar ar *The light of the universe: poems of friendship and consolation by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Ailbhe Ó Corráin). Ar nós a réamhtheachtaí sa tsraith, ar foilsíodh léirmheas air in *Studia Hibernica* 40, is foilseachán ar ardchaighdeán arís é an t-imleabhar seo. Dhá dhán leis an bhfile céanna ar théama an chairdis atá á n-iniúchadh anseo agus é d'aidhm ag Ailbhe Ó Corráin tógáil ar an anailís a rinne sé sa chéad mhonagraf chun a léiriú arís go raibh Ó hEódhasa sáite, agus é i nDouai agus i Lobháin, i smaointeoireacht intleachtúil agus eiticiúil a linne féin agus, dá bhrí sin, nach féidir a chuid dánta a thuiscint go hiomlán gan iad a shuíomh i gcomhthéacs smaointeoireacht an *Renaissance*. Is iad na dánta atá mar ábhar anailíse ná *A sgríbhionn luigheas tar lear* agus *Deacair suan ar chneidh gcarad*.